 GA

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 30.9.2010
SEC(2010) 1127

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN**

# *ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ IARMHARTA*

***Doiciméad a ghabhann leis an***

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (ENISA)**

**{COIM(2010) 521 leagan deireanach}**
**{SEC(2010) 1126}**

## ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ IARMHARTA

## 1. RAON FEIDHME AGUS COMHTHÉACS

### *1.1. Raon feidhme*

Díríonn an measúnú iarmharta seo ar an mbealach is fearr chun gníomhaireacht nuachóirithe slándála líonra agus faisnéise, a aithnítear go forleathan mar ionstraim beartais iomchuí agus riachtanach chun déileáil le dúshláin slándála líonra agus faisnéise, a chruthú chun tacú le comhlachtaí na mBallstát agus leis an gCoimisiún d'fhonn cuspóirí beartais slándála líonra agus gréasáin a bhaint amach tráth a thiocfaidh deireadh le sainordú na Gníomhaireachta Eorpaí um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (ENISA) i mí an Mhárta 2012.

### *1.2. Comhthéacs*

Sa lá atá inniu ann, tá an tsochaí agus an geilleagar ag brath go hiomlán ar fheidhmiú cuí theicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide (TFCanna). Dá bhrí sin, tá sé an-tábhachtach a áirithiú go bhfuil na córais cobhsaí agus go bhfuil muinín ag úsáideoirí astu. D'fhéadfadh feidhmiú cuí an bhonneagair bhunúsaigh líonra agus faisnéise a bheith i mbaol de bharr an mhéadaithe atá ag teacht ar líon na mbagairtí, na n-ionsaithe agus na mbogearraí mailíseacha atá á n-úsáid i gcoinne córas. Ós rud é gur córais agus líonraí trasnáisiúnta iad, tá réiteach ar leibhéal Eorpach ag teastáil ar an dúshlán a bhaineann le slándáil líonra agus faisnéise.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (ENISA) in 2004[1] do thréimhse thosaigh cúig bliana d'fhonn "leibhéal ard agus éifeachtach de shlándáil líonra agus faisnéise laistigh den Chomhphobal, (…) a áirithiú chun cultúr slándála líonra agus faisnéise a fhorbairt chun leasa na saoránach, na dtomhaltóirí, na ngnóthas agus eagraíochtaí na hearnála poiblí san Aontas Eorpach, agus sa tslí sin cuidiú le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh."

Ó shin i leith, tá na dúshláin slándála líonra agus gréasáin de shíor ag athrú mar gheall ar fhorbairtí ar theicneolaíocht agus sa mhargadh. Dá bhrí sin, tamaill mhaith roimh do Rialachán ENISA dul in éag i mí an Mhárta 2009, chuir an Coimisiún tús le próiseas i gcomhar le geallsealbhóirí ábhartha, chun a chinneadh cé acu tograí beartais ab'fhearr a d'fhónfadh do chuspóirí slándála líonra agus gréasáin an AE ó 2009 ar aghaidh. Tar éis meastóireachta meántéarmaí[2] ar ENISA agus comhairliúcháin phoiblí[3] in 2007, ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa Rialachán ar an 24 Meán Fómhair 2008 a chuir síneadh trí bliana le sainordú ENISA, mar a bhí sé, go dtí 13 Márta 2012.[4] Sna haithrisí a ghabhann leis an Rialachán sin, d'iarr an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa **a thuilleadh**

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 460/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándail Líonra agus Faisnéise.

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le meastóireacht ar an nGníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (ENISA) – COIM(2007) 285, 1.6.2007. http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CELEX:52007DC0285:EN:NOT.

3 Bhí an comhairliúchán ar siúl ón 13 Meitheamh go dtí an 7 Meán Fómhair 2007.

4 Rialachán (CE) Uimh. 1007/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 460/2004 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise maidir lena ré (IO L 293, 31.10.2008).

**plé faoin nGníomhaireacht agus faoin treo ginearálta a bhfuil iarrachtaí na hEorpa ag dul maidir le breis slándála líonra agus faisnéise**.

D'éascaigh an Coimisiún an plé trí chomhairliúchán poiblí eile uile-Eorpach a sheoladh, i mí na Samhna 2008, i dtaobh cuspóirí féideartha beartas neartaithe slándála líonra agus faisnéise, agus i dtaobh an bhealaigh chun na cuspóirí sin a bhaint amach[5]. D'eagraigh an Coimisiún ceardlann freisin le saineolaithe ar shlándáil líonra agus faisnéise ó na comhlachtaí inniúla sna Ballstáit, i mí na Nollag 2008, maidir le hionstraimí agus meicníochtaí beartas neartaithe an AE maidir le slándáil líonra agus faisnéise. Ina theannta sin, i mí an Mhárta 2009, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht ar Bhonneagar Faisnéise Criticiúla a chosaint (CIIP)[6] ina leagtar amach príomhról do ENISA i dtacú leis an AE slándáil, solúbthacht agus ullmhacht a fheabhsú. Formhuiníodh an cur chuige sin le linn Chomhdháil na nAirí maidir le CIPP a tionóladh i dTaillin an 27 agus 28 Aibreán 2009, agus ba é ceann de na conclúidí "**go bhfuil gá le hathsmaoineamh agus athfhoirmliú cuimsitheach a dhéanamh ar shainordú na Gníomhaireachta de bharr na ndúshlán nua agus fadtéarmach atá amach romhainn chun díriú níos fearr ar thosaíochtaí agus ar riachtanais an AE**; chun cumas freagartha níos solúbtha a bhaint amach; chun scileanna agus inniúlachtaí Eorpacha a fhorbairt; agus chun éifeachtúlacht oibríochtúil na Gníomhaireachta agus an tionchar iomlán atá aici a mhéadú. Sa tslí sin, d'fhéadfadh ENISA a bheith ina leas buan do gach Ballstát agus don Aontas Eorpach i gcoitinne."

An 18 Nollaig 2009, ghlac an Chomhairle Rún maidir le "cur chuige comhoibríoch Eorpach i leith slándála líonra agus faisnéise"[7] a leag béim air gur cheart "**do ENISA, faoi shainordú athbhreithnithe, feidhmiú mar lárionad eolais an AE i gcúrsaí Slándála Líonra agus Faisnéise a bhaineann leis an AE".**

Ar cheann de thionscnaimh shuaitheanta straitéis an Choimisiúin Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus nuálaíoch[8], tá an Clár Digiteach don Eoraip a bhfuil ról lárnach ag slándáil líonra agus gréasáin ann. Is é **cuspóir an tionscnaimh beartais seo maidir le muinín agus slándáil a chothú sa Chlár Digiteach don Eoraip, an bealach a éascú don AE, do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí ardleibhéal acmhainneachta agus ullmhachta a fhorbairt ar mhaithe le fadhbanna slándála líonra agus faisnéise a chosc, a bhrath agus freagairt níos fearr a thabhairt orthu.** Cuideoidh an méid sin le muinín agus le slándáil a mhéadú sa Mhargadh Aonair Digiteach Eorpach agus chun iomaíochas na ngnólachtaí Eorpacha a fheabhsú.

## 2. AN FHADHB A SHAINIÚ

### *2.1. Cad é an fhadhb?*

Táthar tar éis na cúiseanna fadhbanna seo a leanas a aithint mar chúiseanna fadhbanna a nochtann geallsealbhóirí do bhagairtí agus do theagmhais slándála líonra agus faisnéise.

---

5 Ón 7 Samhain 2008 go dtí an 9 Eanáir 2009. Tá an tuarascáil le fáil ag: http://ec.europa.eu/information_society/policy/nis/nis_public_consultation/index_en.htm.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa an Chomhairle ar Bhonneagar Faisnéise Criticiúla a chosaint – COIM(2009)149, 30.3.2009.

7 Rún ón gComhairle an 18 Nollaig 2009 maidir le cur chuige comhoibríoch i leith Slándála Líonra agus Faisnéise, (2009/C 321/01).

8 COM(2010) 2020.

Léiríonn siad ar fad go bhfuil gá ann le struchtúr iontaofa ar leibhéal an AE chun dul i ngleic leis an bhfadhb agus chun coinneáil leis an teicneolaíocht agus leis na coinníollacha margaidh san Eoraip ar fad a bhaineann le slándáil líonra agus faisnéise agus atá de shíor ag athrú.

- **Éagsúlacht agus ilroinnt cur chuige náisiúnta.** Ní chuireann teorainneacha náisiúnta srian le fadhbanna slándála líonra agus faisnéise agus ní féidir déileáil leo go héifeachtach, dá bhrí sin, ar an leibhéal náisiúnta amháin. Ag an am céanna, déileálann na húdaráis phoiblí i mBallstáit éagsúla leis an bhfadhb ar go leor bealaí éagsúla. Cuireann na hilcheanglais slándála i mBallstáit éagsúla ualach costais ar ghnólachtaí a oibríonn ar fud na hEorpa agus dá bhrí sinn bíonn ilroinnt agus easpa iomaíochais i margadh inmheánach na hEorpa.

- **Cumas teoranta luathrabhaidh agus freagartha.** Tá éagsúlachtaí suntasacha ag baint leis na córais náisiúnta luathrabhaidh agus láimhseála teagmhais atá ann faoi láthair, agus níl ann do chóras de chuid an AE. Tá gá le hionstraimí beartais ón AE chun rioscaí agus leochaileacht slándála líonra agus faisnéise a aithint, chun meicníochtaí cuí freagartha a leagan amach, agus chun a áirithiú go bhfuil na geallsealbhóirí ar an eolas faoi na meicníochtaí freagartha sin agus go gcuireann siad i bhfeidhm iad.

- **Easpa sonraí iontaofa agus faisnéis theoranta maidir le fadhbanna atá ag teacht chun cinn.** Is beag an méid faisnéise iontaofa cainníochtúla atá ar fáil maidir le tionchar teagmhas slándála líonra agus faisnéise nó fiú ar a dtarlú, rud a chiallaíonn go bhfuil sé deacair do lucht déanta beartas bearta leordhóthanacha beartais a ghlacadh agus do ghnólachtaí cinntí a dhéanamh i dtaobh infheistíochta i slándáil.

- **Easpa feasachta faoi rioscaí agus dúshláin a bhaineann le slándáil líonra agus faisnéise.** Is faoi na geallsealbhóirí aonair atá an fhreagracht slándáil líonra agus faisnéise a áirithiú; ní i gcónaí a bhíonn a bhfreagrachtaí sainithe agus curtha in iúl go soiléir, áfach. Ar thaobh amháin, is minic nach dtuigeann tomhaltóirí dáiríreacht rioscaí slándála líonra agus faisnéise agus déanann siad neamhaird dá bhfreagracht phearsanta i dtaobh shlándáil a gcóras TFC. Ar an taobh eile, is minic nach bhfeiceann gnólachtaí ach costais slándála líonra agus faisnéise gan smaoineamh ar an méid a d'fhéadfaí a shábháil leis.

- **Gné idirnáisiúnta fadbhanna slándála líonra agus faisnéise.** Baineann gné idirnáisiúnta le bagairtí ar shlándáil líonra agus faisnéise agus le teagmhais a leanann uathu agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gníomhaíochtaí an AE chomh éifeachtach céanna mura dtabharfaí aghaidh ar fhadhbanna slándála líonra agus faisnéise ar bhealach cuí go hidirnáisiúnta freisin. Ní mór dúinn straitéis agus pointe tagartha de chuid an AE a fhorbairt maidir le slándáil líonra agus faisnéise chun seasamh an AE go hidirnáisiúnta a fheabhsú.

- **An gá atá le samhlacha comhoibrithe chun cur chun feidhme leordhóthanach beartais a áirithiú.** Tá samhlacha comhoibrithe ar leibhéal an AE ag teastáil chun beartais slándála líonra agus faisnéise a chur chun feidhme go leordhóthanach. Tá treoir de dhíth ar gheallsealbhóirí chun bagairtí slándála líonra agus faisnéise a aithint agus chun dea-chleachtais a fhorbairt i dtaobh na beartais slándála líonra agus faisnéise ata ann faoi láthair a chur chun feidhme.

- **An gá atá le gníomhaíocht níos éifeachtaí i gcoinne cibearchoireachta.** Faoin gcéad cholún a bhí ann roimhe seo, is mó a eagraíodh iarrachtaí slándála líonra agus faisnéise, i.e. cúrsaí arna bplé idir na hinstitiúidí. Le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, áfach, ní mór

réimse cúraimí níos leithne a chur san áireamh do ghníomhaireacht slándála líonra agus faisnéise a chumhdóidh freisin réimsí an dara agus an tríú colún, i.e. cúrsaí a cinneadh an Chomhairle amháin roimhe seo.

### *2.2. Cé an dream is mó a chuireann an fhadhb seo isteach orthu?*

D'fhéadfadh teagmhais slándála líonra agus faisnéise tionchar mór a imirt ar réimse geallsealbhóirí, gnólachtaí móra agus beaga, údaráis phoiblí agus riaracháin phoiblí agus saoránaigh aonair ina measc. Is é sin le rá, tá baint ag gach éinne le slándáil líonra agus faisnéise agus tá gach éinne freagrach aisti.

Is beag an méid faisnéise cainníochtúla oibiachtúla atá ar fáil, má tá faisnéis ar bith ar fáil, faoin líon beacht teagmhas slándála líonra agus faisnéise agus/nó a dtionchar eacnamaíoch. Tugtar léiriú éigin i staidéar margaidh IDC EMEA[9] ina gcuirtear in iúl go raibh fadhbanna ag 28% de theaghlaigh an AE-27 le turscar nó le víris sa 12 mhí roimhe sin. Ar an meán, bhain teagmhas slándála do thart ar 7% d'úsáideoirí gnó le bliain anuas.

## 3. RÉASÚNAÍOCHT I dTAOBH GHNÍOMHAÍOCHT AN AE, BREISLUACH AN AE AGUS COIMHDEACHT

De bharr idirspleáchais líonraí agus córas faisnéise tá sé an-deacair, mura bhfuil sé dodhéanta, do ghníomhairí aonair breithiúnas cruinn a dhéanamh ar thionchar a mbeart cosanta i gcoinne teagmhas slándála líonra agus faisnéise ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí domhanda de. Cuireann beartais agus cleachtais náisiúnta éagsúla isteach ar an margadh inmheánach de bharr seachtrachtaí diúltacha a bhaineann le teagmhais slándála líonra agus faisnéise (cuireann beartais neamh-leordhóthanacha isteach ar mhargaí i mBallstáit eile) agus freisin de bharr seachtrachtaí dearfacha a bhaineann le dea-chleachtais slándála líonra agus faisnéise (cuireann dea-chleachtas i mBallstát amháin feabhas ar shlándáil líonra agus faisnéise ar an iomlán agus chun leasa na sochaí i gcoitinne é). Dá bhrí sin, tá cúis mhaith le hidirghabháil beartais an AE toisc go gcuirfeadh sé fíor-luach breise le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Aithníodh an cineál luacha hreise sin freisin i Rialachán (CE) Uimh. 460/2004 lena mbunaítear ENISA, a fhorálann go bhfuil inniúlachtaí ENISA dírithe ar chuidiú le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh.

Ina theannta sin, tugann *prionsabal na coimhdeachta* cúis mhaith d'idirghabháil an AE i mbeartas slándála líonra agus faisnéise. Faoi mar a luadh i dTeachtaireacht CIIP, is ionann ar bhealach straitéis neamh-idirghabhála iomláine an AE i mbeartais slándála líonra agus faisnéise agus iarraidh ar gach Ballstát aire a thabhairt dá ghnó féin, beag beann ar idirspleáchas na gcóras faisnéise. Bheadh sé ag teacht le prionsabal na coimhdeachta, dá bhrí sin, dá mbeadh leibhéal iomchuí comhordaithe idir na Ballstáit chun a áirithiú go bhféadfaí impleachtaí trasteorann rioscaí slándála líonra agus faisnéise a bhainistiú i gceart. Ina theannta sin, d'fheabhsódh gníomhaíocht an AE éifeachtacht aon bheartas náisiúnta atá ann cheana.

Níos minice anois, tá saoránaigh an AE ag cur a sonraí isteach i gcórais chasta faisnéise (e.g. néalríomhaireacht). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar láidir tairbhiúil a bheith ag gníomhaíocht beartais slándála líonra agus gréasáin atá comhaontaithe agus comhoibríoch ar

---

[9] IDC EMEA, An Margadh Slándála Líonra agus Faisnéise Eorpach: Creatlach, Treochtaí agus Dúshláin, Aibreán 2009, ag déanamh tagartha do Shuirbhé Cumarsáide Leictreonaí an Eorabharaiméadair, Aibreán 2007.

bhunchearta a chosaint, agus go háirithe an ceart maidir le sonraí pearsanta agus príobháideachas a chosaint. Ar an gcúis sin freisin, bheadh dealramh le tuilleadh gníomhaíochta beartais ag an AE.

## 4. CUSPÓIRÍ BEARTAIS

Déanann an measúnú iarmharta seo scrúdú ar a mhéid a fhéadfaí gníomhaireacht nuachóirithe slándála líonra agus gréasáin, a aithnítear mar an struchtúr eagraíochtúil is iomchuí, a chruthú, in éineacht le hionstraimí eile an Aontais, chun cuidiú na cuspóirí beartais a bhaint amach.

**Is é an cuspóir ginearálta an bealach a éascú don Aontas, do na Ballstáit agus do na geallsealbhóirí ardleibhéal acmhainneachta agus ullmhachta a fhorbairt ar mhaithe le fadhbanna slándála líonra agus faisnéise a chosc, a bhrath agus freagairt níos fearr a thabhairt orthu.** Cuideoidh an méid sin le muinín agus slándáil a mhéadú sa Mhargadh Aonair Digiteach Eorpach agus chun iomaíocht na ngnólachtaí Eorpacha a fheabhsú.

Bristear an cuspóir ina seacht g**cuspóir shonracha:**

(1) **Comhchuibheas cineálacha cur chuige rialála –** treoir agus comhairle a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le creat normatach iomlánaíoch a nuashonrú agus a fhorbairt sa réimse slándála líonra agus faisnéise;

(2) **Cosc, brath agus freagairt –** ullmhacht a fheabhsú trí chur le cumas luathrabhaidh agus freagartha teagmhas ar leibhéal Eorpach agus le pleananna teagmhasacha agus cleachtaí uile-Eorpacha;

(3) **Tacaíocht do dhéanamh beartas –** cúnamh a sholáthar agus comhairle a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit;

(4) **Geallsealbhóirí a chumhachtú –** cultúr bainistíochta slándála agus riosca a fhorbairt trí roinnt faisnéise agus comhar leathan idir gníomhairí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach a spreagadh, chun leas díreach na saoránach agus gnóthas beag agus meánmhéide agus d'fhonn cultúr ar fheasacht slándála líonra agus gréasáin a fhorbairt;

(5) **Ról tábhacht a chruthú don Eoraip sa chomhthéacs idirnáisiúnta –** ardleibhéal comhair a bhaint amach le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun cur chuige comhchoiteann domhanda maidir le slándáil líonra agus gréasáin a chur chun cinn agus chun go mbeidh tionchar ag tionscnaimh idirnáisiúnta ar ardleibhéal san Eoraip;

(6) **Cur chun feidhme comhoibríoch –** comhoibriú a éascú i gcur chun feidhme beartas slándála líonra agus faisnéise.

(7) **Cibearchoireacht a chomhrac –** freagairt éifeachtach ar ghnéithe slándála líonra agus gréasáin de chibearchoireacht a fhorbairt trí chomhoibriú le húdaráis dara agus tríú colún a bhí ann roimhe seo, e.g. le Europol.

## 5. FORMÁIDÍ FÉIDEARTHA EAGRAÍOCHTÚLA AGUS ROGHANNA BEARTAIS

Déantar roinnt formáidí féideartha eagraíochtúla maidir leis na roghanna beartais thuasluaite a chur chun feidhme a scrúdú sa Mheasúnú Iarmharta (Caibidil 4 agus Iarscríbhinn 4), lena n-áirítear: (i) gníomhaireacht, (ii) comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach atá foirmeálta a

bheag nó a mhór, (iii) líonra teagmhála neamhfhoirmiúil, (iv) líonra buan comhlachtaí inniúla, agus (v) ionchorprú díreach isteach i seirbhís de chuid an Choimisiúin.

Má chuirtear na formáidí éagsúla eagraíochtúla sin i gcomparáid, is cosúil gurb í formáid na Gníomhaireachta is fearr a oireann mar rogha ionstraime beartais de bharr na mbuntáistí a ghabhann léi maidir leis na nithe seo a leanas: (1) cinnteacht dhlíthiúil an struchtúir eagraíochtúil mar aon leis an ábhar, (2) a oiriúnaí atá sí i dtaobh ábhar imní earnála íogaire amhail slándáil líonra agus gréasáin (corpas saineolais sheachtraigh, caidreamh le geallsealbhóirí a chomhordú, baint/gealltanas na mBallstát) agus (3) a mhéid a ghlactar le ENISA i measc lucht slándála líonra agus gréasáin agus a cháil ann.

Forbraíodh na roghanna beartais seo a leanas, dá bhrí sin, agus rinneadh mionmheasúnú orthu i gcomhair formáide eagraíochtúla Gníomhaireachta.

***Rogha beartais 1: Gan bheartas***

Faoin rogha 'Gan bheartas' glactar leis go dtiocfaidh deireadh le ENISA tar éis mhí an Mhárta 2012 agus nach nglacfaidh institiúid ar bith eile den AE leis na gníomhaíochtaí ar fad a dhéanann ENISA faoi láthair ná le cuid acu.

Dá ndúnfaí ENISA, chiallódh sé sin go dtarraingeofaí siar an infheistíocht ar fad a rinneadh go dtí seo, mar shampla infheistíocht chun eagraíocht a bhunú a bhfuil sé de chumas inti daoine a bhfuil ard-saineolas acu a mhealladh, chun cur le taithí, agus chun líonraí a chruthú le geallsealbhóirí agus le hinstitiúidí idirnáisiúnta agus eatarthu, ag pointe ama ag a bhfuil an Ghníomhaireacht atá ann faoi láthair tar éis teacht isteach ar an obair.

Fadhb chasta atá i slándáil líonra agus faisnéise san Eoraip agus réiteach ar an bhfadhb sin is ea an Ghníomhaireacht a nuachóiriú agus a neartú, seachas deireadh a chur leis an nGníomhaireacht atá ann faoi láthair. Dearbhaítear an méid sin leis an ról sonrach atá tugtha do ENISA, mar shampla i dtaobh an chreata leasaithe rialála maidir le cumarsáid leictreonach[10], agus leis an tacaíocht ghinearálta atá curtha in iúl ag geallsealbhóirí i dtaobh ról níos tábhachtaí a thabhairt do Ghníomhaireacht Eorpach slándála líonra agus faisnéise.

***Rogha beartais 2: Gan aon athrú ar an scéal***

Léirítear le Rogha 2 an cás mura mbeadh aon athrú ar an scéal, i.e. dá leanfaí leis an ionstraim beartais chéanna ar an mbealach céanna agus leis na hacmhainní céanna. I measc na ngeallsealbhóirí táthar ar aonfhocal gur pointe tagartha inchreidte anois é ENISA maidir le saincheisteanna slándála líonra agus gréasáin agus gur ionad barr feabhais ina réimse féin é.

De bharr na srianta reatha ar fhoireann agus ar an mbuiséad, ní bheidh tionchar ag an nGníomhaireacht ach ar líon teoranta saincheisteanna maidir le slándáil líonra agus gréasáin. Tá sé sin ag teacht salach ar ionchais iomlána geallsealbhóirí, áfach. Mura dtugtar deis forbartha agus deis chun na hionchais sin a chomhlíonadh don Ghníomhaireacht, d'fhéadfadh géarchéim inchreidteachta a bheith ann.

***Rogha beartais 3: Na feidhmeanna atá sainithe do ENISA faoi láthair a leathnú agus gníomhaireachtaí um fhorghníomhú dlí agus um phríobháideachas a chosaint a chur leis mar gheallsealbhóirí iomlána***

---

[10] Féach http://eur-lex.europa.eu/JOHtml.do?uri=OJ:L:2009:337:SOM:EN:HTML.

Faoin rogha seo, leathnófaí ról Ghníomhaireacht slándála líonra agus faisnéise agus dhíreofaí ar an méid seo a leanas:

- Líonra idirchaidrimh idir geallsealbhóirí a thógáil agus a chothabháil mar aon le líonra faisnéise;
- Bheith mar ionad tacaíochta slándála líonra agus faisnéise i ndáil le beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme (go háirithe maidir le príobháideachas i gcumarsáid leictreoanch, síniú leictreonach, cárta aitheantas leictreonach agus caighdeáin soláthar do shlándáil líonra agus faisnéise);
- Tacú le beartas an AE maidir le Bonneagar Faisnéise Criticiúla a chosaint agus maidir le solúbthacht (e.g. cleachtaí, EP3R[11], Córas Eorpach chun Faisnéis a roinnt agus chun Foláireamh a thabhairt, etc.);
- Creat a bhunú don AE chun sonraí slándála líonra agus faisnéise a bhailiú, lena n-áirítear modhanna agus cleachtais a fhorbairt le haghaidh tuairisciú dlíthiúil agus roinnte;
- Staidéar agus tuairisciú a dhéanamh ar an eacnamaíocht a bhaineann le slándáil líonra agus faisnéise;
- Comhar a spreagadh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun cur chuige comhchoiteann domhanda maidir le slándáil líonra agus faisnéise a chur chun cinn agus chun tionchar a imirt ar thionscnaimh idirnáisiúnta ar ardleibhéal san Eoraip;
- Cúraimí neamhoibríochtúla a chomhlíonadh a bhaineann le gnéithe slándála líonra agus faisnéise d'fhorghníomhú dlí agus de chomhar breithiúnach.

Gheobhadh an Ghníomhaireacht réidh leis na hacmhainní ar fad ba ghá chun a gníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhealach sásúil cuimsitheach, i.e. chun fíorthionchar a cheadú. Dá mbeadh a thuilleadh acmhainní ar fáil, d'fhéadfadh ENISA ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh agus a thuilleadh tionscnamh a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht ghníomhach geallsealbhóirí a spreagadh. Ina theannta sin, cheadódh an staid nua sin tuilleadh solúbthachta i dtaobh freagairt thapa a thabhairt ar athruithe sa timpeallacht slándála líonra agus faisnéise atá de shíor ag forbairt.

***Rogha beartais 4: Feidhmeanna oibríochtúla a chur leis chun cibearionsaithe a chomhrac agus mar fhreagairt ar chibeartheagmais***

I dteannta na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach faoi rogha 3, bheadh feidhmeanna oibríochtúla ag an nGníomhaireacht amhail ról níos gníomhaí a ghlacadh i CIIP an AE, mar shampla i gcás teagmhas a chosc agus a fhreagairt, trí ghníomhú mar Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire (CERT), agus trí na Foirne Práinnfhreagartha Ríomhaire a chomhordú mar Lárionad Géarchéime slándála líonra agus faisnéise an AE, lena n-áireofaí gníomhaíochtaí laethúla bainistíochta agus seirbhísí éigeandála a láimhseáil.

Bheadh méadú suntasach i mbuiséad agus in acmhainní daonna na Gníomhaireachta de dhíth don rogha seo agus b'ábhar imní an méid sin maidir lena cumas ionsúite agus maidir le húsáid éifeachtach an bhuiséid i ndáil leis na leasanna a bheadh le baint amach.

***Rogha beartais 5: Feidhmeanna oibríochtúla a chur leis chun tacú le húdaráis um fhorghníomhú dlí agus le húdaráis bhreithiúnacha i gcibearchoireacht a chomhrac***

[11] Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Eorpach le haghaidh Solúbthachta, féach COIM(2009) 149.

I dteannta na ngníomhaíochtaí a liostaítear i rogha 4, áireofar leis an rogha seo feidhmeanna don Ghníomhaireacht a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- Tacaíocht a sholáthar ar dhlí nós imeachta (cf. Comhdháil ar Chibearchoireacht): e.g. sonraí tráchta a bhailiú, sonraí inneachair a idircheapadh, monatóireacht a dhéanamh ar shreafaí i gcás ionsaithe a chuirfeadh cosc ar sheirbhís;
- Bheith ina lárionad saineolais le haghaidh imscrúdaithe choiriúil, gnéithe slándála líonra agus faisnéise san áireamh.

Amhail rogha 4, bheadh méadú suntasach ar acmhainní na Gníomhaireachta de dhíth don rogha seo agus bheadh ábhair imní inchurtha ann maidir le cumas ionsúite agus úsáid éifeachtach an bhuiséid.

## 6. NA ROGHANNA BEARTAIS A CHUR I gCOMPARÁID AGUS AN TIONCHAR A MHEASÚNÚ

Léirítear le hanailís ar an tionchar féideartha eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil go mbeadh tionchar diúltach ag ***rogha 1*** i ndáil leo sin ar fad, agus go rachadh cúrsaí in olcas.

Rogha fho-optamach a bheadh i ***Rogha 2*** toisc nach mbeadh na hacmhainní ba ghá ag an nGníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar dhúshláin timpeallachta slándála líonra agus faisnéise atá de shíor ag athrú, agus d'fhéadfadh baol a bheith ann do cháil na Gníomhaireachta, agus d'fhéadfadh géarchéim inchreidteachta a bheith ann ar deireadh thiar.

Faoi ***rogha 3***, rannchuideodh Gníomhaireacht nuachóirithe slándála líonra agus faisnéise leis an méid seo a leanas:

Ilroinnt cur chuige náisiúnta a laghdú (cúis fadhbanna 1), beartas agus cinnteoireacht bunaithe ar shonraí agus ar eolas/faisnéis a mhéadú (cúis fadhbanna 3) agus feasacht a ardú ar an iomlán i dtaobh rioscaí agus dúshlán slándála líonra agus faisnéise agus an bealach a théitear i ngleic leo (cúis fadhbanna 4) trí rannchuidiú le:

- faisnéis ábhartha ar rioscaí, ar bhagairtí agus ar leochaileacht a bhailiú ar bhealach níos éifeachtúla ag gach Ballstát ar leith;
- méadú ar an bhfáil atá ar fhaisnéis maidir le dúshláin agus rioscaí slándála líonra agus faisnéise faoi láthair agus amach anseo;
- foráil beartas ar chaighdeán níos airde maidr le slándála líonra agus faisnéise sna Ballstáit.

Cumas luathrabhaidh agus freagartha Eorpach a fheabhsú (cúis fadhbanna 2) mar seo a leanas:

- trí chabhrú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit cleachtaí uile-Eorpacha a bhunú, agus ar an mbealach sin barainneachtaí an mhórscála a bhaint amach i gcás freagartha ar theagmhais ar fud an AE;
- trí fheidhmiú EP3R a éascú, a bhféadfadh a thuilleadh infheistíochta bheith mar thoradh air, spreagtha ag cuspóirí comhchoiteanna beartais agus caighdeáin uile-Eorpacha i gcomhair slándála agus solúbthachta.

Cur chuige comhchoiteann domhanda maidir le slándála líonra agus faisnéise (cúis fadhbanna 5) a chur chun cinn trí bhíthin an méid seo a leanas:

- malartú faisnéise agus eolais le tíortha nach bhfuil san AE a mhéadú;

Cibearchoireacht a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí (cúis fadbhanna 7) trí bhíthin an méid seo a leanas:

- bheith i mbun cúraimí neamhoibríochtúla a bhaineann le gnéithe slándála líonra agus faisnéise d'fhorghníomhú an dlí agus de chomhar breithiúnach, amhail aistriú déthreoch faisnéise agus oiliúna (e.g. i gcomhar leis an gColáiste Eorpach Póilíneachta CEPOL).

***Rogha 4:*** Bheadh tionchar níos mó aici ar leibhéal oibríochtúil, i dteannta an tionchar a bhainfí amach faoi rogha 3. Trí ghníomhú mar Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire le haghaidh slándála líonra agus faisnéise san AE, mhéadódh an Ghníomhaireacht barainneachtaí an mhórscála trí fhreagairt do theagmhais ar fud an AE agus chuideodh sí chun rioscaí oibríochtúla a laghdú do ghnó de bharr leibhéal níos airde slándála agus solúbthachta, mar shampla.

***Rogha 5*:** Bheadh éifeachtacht níos mó i gceist léi i dtaobh cibearchoireacht a chomhrac ná mar a bheadh ag rogha 3 agus rogha 4 agus bheadh feidhmeanna oibríochtúla i gceist léi freisin chun tacú le forghníomhú an dlí agus le húdaráis bhreithiúnacha.

Cé go mbeadh tionchar níos dearfaí ag rogha 4 agus rogha 5 ná mar a bheadh ag rogha 3, bheadh an dá rogha sin níos íogaire ó thaobh na polaitíochta de do na Ballstáit i dtaobh a bhfreagrachtaí CIPP (i.e. ní bheadh roinnt de na Ballstáit ar son feidhmeanna oibríochtúla láraithe). Chomh maith leis sin, dá leathnófaí an sainordú faoi mar a scrúdaíodh i rogha 4 agus rogha 5, d'fhéadfadh seasamh na Gníomhaireachta bheith míshoiléir. Ina theannta sin, dá gcuirfí na cúraimí oibríochtúla nua seo, atá go hiomlán éagsúil, le sainordú na Gníomhaireachta, d'fhéadfaí dúshlán an-chrua a chruthú sa ghearrthéarma agus bheadh baol suntasach ann nach mbeadh an ghníomhaireacht in ann an cineál cúraim sin a chur i gcrích laistigh de thréimhse réasúnta ama. Ar deireadh, baineann costas toirmeascach le rogha 4 agus rogha 5 a chur chun feidhme. Bheadh buiséad ceithre nó cúig oiread an bhuiséid atá ag ENISA faoi láthair ag teastáil.

Agus comparáid á déanamh idir tionchar na gcúig rogha beartais le haghaidh formáide eagraíochtúla Gníomhaireachta nuachóirithe slándála líonra agus faisnéise, ní mór rogha 1 agus rogha 2 a chur ar leataobh toisc nach mbeifí in ann déileáil i gceart ar leibhéal an AE le fadhb chasta slándála líonra agus faisnéise le ceachtar acu. Ar an taobh eile, bheadh an AE in ann aghaidh a thabhairt ar bhealach cuí ar roghanna beartais slándála líonra agus faisnéise sa todhchaí le roghanna 3, 4 agus 5. Faoi láthair, dealraíonn sé go bhfuil rogha 4 agus rogha 5 ró-uaillmhianach maidir le híogaireachtaí polaitiúla fhormhór na mBallstát agus maidir leis na himpleachtaí buiséadacha. Dá bhrí sin, ***is cosúil gurb é rogha 3 an rogha is fearr chun aghaidh a thabhairt, ar an mbealach is éifeachtúla, ar na seacht bhfadhb atá sainaitheanta i dtaobh slándála líonra agus faisnéise.***

## 7. MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT: CONAS A THOMHAISFEAR NA COSTAIS AGUS NA LEASANNA IARBHÍR MAR AON LE GNÓTHÚ AN TIONCHAIR ATÁ AG TEASTÁIL?

Dhéanfadh an tionscnamh beartais foráil do mheastóireachtaí tréimhsiúla a chuirfeadh an Coimisiún ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gCoimisiún agus a phoibleofaí. Chuirfeadh na meastóireachtaí sin san áireamh tuairimí na ngeallsealbhóirí ábhartha ar fad, ar bhonn na dtéarmaí tagartha arna gcomhaontú le Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta, agus dhéanfaidís measúnú ar éifeachtacht na Gníomhaireachta i dtaobh a cuspóirí a bhaint amach, ar an ionstraim éifeachtach i gcónaí an Ghníomhaireacht agus ar ar cheart aon athrú a dhéanamh ar shainordú na Gníomhaireachta agus/nó ar ghnéithe eile den Rialachán lena mbunaítear í. Tar éis meastóireacht a dhéanamh, d'eiseodh Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta moltaí don Choimisiún maidir le haon athrú iomchuí a bheadh le déanamh ar an Rialachán. Ba cheart don Bhord Bainistíochta agus do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta torthaí na meastóireachtaí a chur san áireamh i bpleanáil ilbhliantúil na Gníomhaireachta.

Beidh oibríochtaí na Gníomhaireachta faoi réir mhaoirseacht an Ombudsman, i gcomhréir le forálacha Airteagal 228 den Chonradh.